## XXXIV.

Ba vah an vaishi ig a ngiula é do chroum shé a cheaun a dreó gur anuas er a hlingeánuiv a háinig an buili. "Greada chút, a chábóig!" ersan roduiri. "Conas iatuingshi is a veh agùm gur muilean úcuireachda a ví aun! Tá taihí ryav agùtsa er a lihédí mar is er a measc a tógag hu, a chábóig! Ach nuer airish an t-érleach foharuim vísh a crih le sgâura Tá's agùt go mah ná roiv ăn vlúiri agala oramsa. Dá chórha sun fén do hánag ansò, agus do hucuing ansò dá ma ceahara fahàch a vèach aun a n-inead na cerhi máinléadv muara sun. Dintear fahàcha ghíov an neómat so agus mura nineadsa iad do hroid agus iad do smachdú bíshi a maga fúm."

"Gouim pàrdún agùt, a ghuin'uasil," ersan giula, "ní he maga fútsa a vís ach a maga fúm fén. Shid é chuir a gáirí mi. Chuínis er a sgâura a ví oram araer gan gá gan ryachdanas agus níor iadas gan an gháiri shin do ghiànav. Ba ghóbuir dom díol as a ngáiri shin, âfach."

"Dá mèach is agùm gur v'in é chuir a gáirí hu ní vuelhing an buili úd ort. Ach is ceart do ghiula fiachuint ruimish agus gan gáiri ná tuigfí do ghiànav."

"Is cuma lium feasda, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ceocu gáiri a tuigfí nú gáiri ná tuigfí a veg agùm le diànav fácad gan diànav iad, umùtsa pé 'r dôun é. Ach fáguim fút fén inish é, a ghuin'uasil, ar v'édir dom sdána ó gháiri ghiànav, umùm fén a derim, nuer a chuínís er a guma 'nar chahamuir an íhi ara... !"

Ní duert an roduiri ărod lesh a méd shin. Do sguil shé hairish an chayint shin.

"Is dó lium, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "go vuil cih a teacht."

Do b'íor dò. Do hosanuig brănacha fearhana er hitim.

"Tá shé chô mah aguing dol ishdeàch sa vuilean so," ersa Santsho. "Ní haly ghúing shing fén a liucha."

Ví a lihéd shin de ghráin ig an roduiri er a muilean agus er a roiv ishdig aun gur v'eár lesh fanûint fén vearhing ná dol ishdeàch aun. B'égean don ghiula fanûint fén vearhing, lesh. D'iúmpydar a leh na lâ deshi agus hugadar bóhar eli orha.

Ní fada a ríodar a cur na shlí ghíov er a móhar sun nuer a hug Don Cíchóté fé neara fear a teacht 'na guingiv agus é er muin capuil. Ví er cheaun a varcuig rod mar a vèach caipín óir. Ví an cih imìhi agus ví an ghrian a tainghav agus ví an caipín óir er cheaun a varcuig a tainghav er dearaglasa, mar a vèach grian eli. Nuer a chnuic Don Cíchóté an caipín óir shin d'iúmpa shé agus do louir shé le Santsho.

"Fiàch, a ghiula," er shishan, "is fíor an sheanócal: 'nuer a dúntar doras osgaltar doras eli a n'inead.' Ví, dar lium, cä agùm araer er iàcht uahásach a ghiànav, ach do chuir an muilean úcuireachda úd amú mi. Do ghún an muilean an doras oram. Tá doras eli osguilti inìsh dom, âfach. A vicean tú an roduiri shin atá a diànav oruing a leh an bóhar?"

"Chím, a ghuin'uasil," ersa Santsho.

"Tá clogad Vambrínó er cheaun a roduiri shin, an clogad úd go nuart leat gur ghineas an dearavú mar gheaul er. Troitead an roduiri shin inìsh, a ghiula, agus buinhad an clogad sun dè, agus ansùn beg a clogad agùm er mo cheaun fén le ceart côruic."

"Shachuin, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "le hagala go mèach shé 'na vuilean úcuireachda irísh aguing!"

"Greada chút, a vrealáin," ersa Don Cíchóté, "cad é ghiànhach muilean úcuireachda de chlogad!"

"Ní eadar an dôun, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ach is agal lium go vuil dearúd er t'onóir."

"Cad é an dearúd a iatach veh oram, a amadáin?" ersa Don Cíchóté. "Ná ficean do ghá húil an roduiri shin a teacht chúing an bóhar a leh er muin a chapuil agus clogad óir er a cheaun?"

"Chím an fear, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ach ní capal atá fé ach asilín beog balàch mar an t-asal so agùm fén, agus chím rod égin by er a cheaun."

"Chíon tú rod égin by er a cheaun," ersa Don Cíchóté. "Shin é clogad Vambrínó. Imig a leatuív ansùn agus fág fúmsa an roduiri shin agus chíhir a hapûlacht a vuinhadsa an clogad sun de, gan puing cayinti ghiànav lesh!"

"Dritead a leatuív, a ghuin'uasil, ná bíoch agal ort, agus fanhad a leatuív, lesh. Ach go duga Die nách muilean úcuireachda a hucuig às dúing irísh!" ersa Santsho.

"Má hagan focal eli amàch as do viàl, a ghiula, a däv muiling úcuireachda, ná a däv ăn tays eli muiling, úmpód ort agus imireód muilean ort, fiach! Melhad tu! Diànhad snysh ded' chnâiv!"

Do chúb Santsho bocht chuigi agus níor háinig focal eli às. Do háig Don Cíchóté an dá sbor ishdeàch a myhánuiv Rosinante. Do chroum shé a cheaun agus vearta shé a hlea agus shúd er ayig é a guingiv an ir a ví a teacht. Chnuic an fear bocht a diànav er é agus an shdiúir vuili er agus an tlea shínti amàch ueg igè. Háinig sgárd er a vear mocht. Ní edir shé an täl cad é an says roda é. Er égin iad shé "Die lium' anam!" do reá. "Gél dom láirhach, a chloyiri!" ersa Don Cíchóté, "nú cuirfiad an tlea so shiar trí lár do chlév!" Do chuirhach, lesh, ach nuer a chnuic an fear an fuadar a ví fé do chah shé é fén shiar shys den asal agus d'ág shé an t-asal ansùn agus do lém shé fén har cly ishdeàch agus do chuir shé an machuiri anún dè an aid a ví shé 'na chosiv! Nuer a ví tamal raha diànta igè d'iàch shé shiar. Chnuc shé ná rouhas er a hóir ach níor sdad shé den rih a ví igè a ghiànav. Chnuic shé go roiv an marcàch buili tar ésh túirleacan dá chapal agus go roiv rod égin 'na láiv igè agus go roiv shé ig iniúcha go hana-ghiàr er. An clogad óir ish é a ví 'na láiv ig an vear buili.

Miàs a b'ea an "clogad óir," miàs bearabóra! Bearabóir bocht a b'ea an "roduiri" a cheap Don Cíchóté a ví igè. Ví an fear bocht a dol, er muin an asil valuig, ó vaili veog anún go baili beog eli chun duíni do veara agus royint veog pá do hileav. Ví an viàs igè, miàs veog fràsh, mar a víoch ig gahăn vearabóir. Ví shé a teacht er a hueneas an bóhar iniar nuer a háinig an cih fearhana úd er. Chuir shé an viàs anáirdi er a cheaun a dreó ná fliuchfí caipín a ví er. Nuer a hleâuna shé shiar shys den asal do hit an viàs er a dalav.

*(Ní críoch).*

## XXXV.

**Nuer a chnuic Don Cíchóté an viàs er a dalav do lém shé anuas de Rosinante agus do hóg shé an viàs. Lena ling shin háinig Santsho suas.**

"Fiàch er shin, a ghiula," ersa Don Cíchóté agus chuir shé an viàs a láiv Hantsho.

"Dar fie, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ach is breá an viàs í. Is fiú písa cróingeach í an chuid is lú ghè."

"Písa cróingeach!" ersa Don Cíchóté. "Cad is dó leat atá ad' láiv agùt, a ghiula?" er shishan.

"Measim, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "gur miàs vearabóra í, agus go dein fén miàs vah ishèa í."

"Mo hrua do cheaun gan chial!" ersa Don Cíchóté. "Clogad roduiri isheà é, clogad óir. Shin é clogad Vambrínó. Túir dom a leh é. Níl än tuishgint agùt!"

Hóg shé an viàs à láiv Hantsho agus vuel shé anuas er vulàch a chíng fén í. Ví shé tamal á casa agus á húmpáil fiàchuint cá roiv an ceaultar ba cheart a veh er a "glogad." Ví's ig Santsho go dian-vah ná roiv sa "Chlogad óir" ach an sórd méshi a víoch ig bearabóir nuer a víoch an sobal igè le diànav inti chun na fiàsóigi do voga agus do ghlana sar a guirhach shé an fär erhi. Dá vrí shín, nuer airi shé "Clogad óir Vambrínó" á húirt er a mésh ví a rocht sgolta èr le fún gáiri, ach ví an t-eagal er. Nuer a chnuic shé an viàs anáirdi er cheaun an roduiri chuir shé shgearta gáiri às a n-uingeóin an agala. D'iàch Don Cíchóté er agus an earag a tosanú er lasa 'na ghá húiliv.

"Cad tá at' chur a gáirí inish, a ghiula?" er shishan.

"Táim á chuíneav, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "nár veog a hó an cloigean le méd a ví er Vambrínó agus a reá gur iad a fläsc an v— an t-árhach sun do líona!"

Ví an roduiri sásda.

"Is fíor," er shishan. "Ví cloigean ana-vuar er. Fear ana-vuar a b'ea é agus ní iatach fear muar gan pläsc muar a veh. [illegible] an ceaultar [illegible] so. Ach measin go duigim cad d'imig er. Fuer duini sauntach égin greim er agus le dúil sa n-airigead do sdrac shé an ceaultar dè agus ghíol shé é le gou geal égin er leah an méd a b'iú é! Ach chô luah agus do rayimid ishdeàch a sráid égin nú a gahir raydsa a trial er ghou geal agus cuirhad ceaultar nó er. Go dí sùn níl agùm ach é chimeád er mo cheaun chô mah agus d'iatad é. Cosanó shé mo cheaun er na clochuiv."

"Cosanóig, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "mara rod é go diucuig cahav na gloch ró-ghian ort mar a háinig nuer a bueleag sa viàl t'onóir, agus a buineag na fiacala asat, agus do brishag an crúsga úd go roiv an balsam aun, an balsam breá úd gur ghóbuir dò mo chryshi agus m'ä do chur tríom biàl amàch!"

"Is cuma a dav an valsim, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "**Fiatad tuilli ghè** do ghiànav an uer is mah lium é agus beg do ghóhin agùtsa le fáil an uer a veg gá agùt lesh."

"**Ná bac mishi** 'na häv, a ghuin'uasil," ersa Santsho. "**Ní be' lium dè!** Ní vlaishing irísh é dá vaying rycht na Sbáingi **er!** Ní dó lium go meg än ghá agùm lesh. Táim lán-cheapuihi er gan mi fén do chur a n-än chúntúirt feasda. Mara meg cneá oram ní veg än ghá le leis agùm agus mara meg gá le leis agùm ní veg gá lesh a malsam úd agùm. Gan áuras b'édir go muelhach an locht drychda úd umuing agus go gurfí er flaingcéad irísh mi, am' chahav anáirdi sa sbér. Má curtar ní veg agùm le diànav ach mo húili agus mo viàl do ghúna agus cerhlín a ghiànav díom fén agus m'anál a chimeád agus leoguint dóiv iad fén do hirshú lesh an sbórt. Ní veg bäl oram an aid ná brishig an plaingcéad!"

"Is muar an náiri ghoit, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "veh a cuíneav iread sun er a méd úd sbóirt. Nuer a dintear iàgóir er Chríosdy is ceart dò é vahav. Níor dineag än díováil doit. Dá nintí än díováil doit is fadó a veng fén har n-aish chúha agus díoltas diànta agùm orha mar gheaul er."

"Tá go mah, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ach cad a ghiànham lesh an asal so? Ba ghó lium gur vah an rod dom é hóguint a n-inead an asil sho atá agùm fén. Is dó lium gur fear é ná m'asal fén."

"Tá shé a guingiv dlí na roduireachda, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "nàuid do robáil nuer a buetear er. Dá gaileach roduiri a chapal fén sa chah vèach ceaduihi ghò capal a náud do hóguint, ach gan sun ní vèach."

"Is crueg a dlí dlí na roduireachda," ersa Santsho, "agus a reá ná leogfí do ghuini asal do valuirtiú! An dó leat, a ghuin'uasil, er vishdi an chluih do valuirtiú? Is féar an chluih atá er an asal so an vearabóra ná an chluih sho atá er m'asalsa. An dó leat an mishdi an maluirtiú ghiànav?"

"Ní cuín lium inish, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "go veaca raeteach na ceshdi shin a n-än leour des na leouruiv roduireachda dár lés, agus dá vrí shin ní fédir lium a reá gur mishdi."

"Tá go mah, a ghuin'uasil," ersa Santsho. Vuin shé an teana-chluih láirhach anuas dá asal fén agus chuir shé èr an chluih vreá nó a ví er an asal eli. Ansùn chuir shé na sheana-leanaracha vrishdí er an asal eli. Ansùn d'imig an vert agus hocarydar iad fén a n-aici sruha an vuiling úcuireachda agus d'ihadar a nóhin den vie úd a fuaradar er an asal úd na sochruidi. Hugadar a gúl, âv, lesh an muilean. Ní iatach Don Cíchóté ayig a húirt èr ví a lihéd shin de ghráin igè er.

Nuer a ví a nóhin iti acù agus cuid d'uishgi an truháin ólta acù (pé gráin a ví ig Don Cíchóté er a muilean ní roiv än locht igè er än ishgi), chueg Don Cíchóté er muin Rosinante agus chueg Santsho er muin an asil agus ghluashadar chun shúil a lorag iàcht. Níor houdar än vóhar dóiv fén shochas a chéli. Do leogag do Rosinante an bóhar do hou agus do lean an t-asal Rosinante, agus ví gach ní mar ba chóir. Shin mar a ghineach roduirí fáin a gôny, do raer na leour. Ví Santsho sásda. Ví a volag lán agus ví än ialuit nó fé n-a hóin, agus ví máishdir mah igè. Ví an roduiri sásda. Ví a volagsun lán lesh, agus ví shé a cur na shlí ghè díreach mar a chnuic shé **ins na leouriv** a chuireach roduirí fáin an tlí ghíov a gôny, **cead a chíng a húirt** don chapal agus leoguint dò a rou bóhar a **húirt er.**

***(Ní críoch).***

## XXXVI.

Ví an machnav sun a n-aigini Ghon Chíchóté agus ví a aigini go hana-hásda. Ví shé 'na hí shiar sa n-ialuit agus á ghá háil shinti ueg shys igè agus a cheaun anáirdi igè agus é a fiàchuint ueg er a sbér agus é a cuíneav er Gholsinéa, díreach mar a chíoch shé ins na leouruiv roduireachda gur ghnáh le roduiri fáin veh a cuíneav er a sbérvean. Sbérvean a geart a b'ea Dolsinéa mar ní eacuig Don Cíchóté ryav í beó er talav imeàsc duíni. Ní roiv inti ach mar a vèach ívá a ví cúmha igè amàch as a vachnav fén. Ach do hig shé, as na leouruiv gur mar shin ba ghnáh le roduiri fáin sbérvean, nú leanán shí, nú rygan uasal égin, do chuma ghò fén agus veh a ngrá lé agus veh a gläch erhi chun é uasguilt nuer a vèach shé a ngéving chrueg. Nuer a fuer shé é fén a gluashacht er a móhar agus a ghiula 'na ghieg iniar agus cead a ching ig Rosinante agus Dolsinéa del Tobosó ansúd huas, dar lesh, imeàsc na sgamal, ba roduiri fáin a geart é ma ví roduiri fáin er bih ryav. Ví shé ana-hásda a n'aigini.

Ví Santsho er muin an asil a teacht le sáluiv Rosinante. Ví machnav a n-aigini Hantsho, lesh. Ví ana-ghúil igè a vachnav a gh'ínshint dá váishdir ach ví agal er go m'édir nár cheart dò louirt go dí go lourfí lesh. Pé rod a ví le rá igè ví a tep èr é chimeád ishdig. Do ghrid shé an t-asal amàch a' n-aici le cosh derig Rosinante. "Àr v'é toil t'onóra cead cayinti húirt dom, a ghuin'uasil ?" er shishan. Háinig an roduiri as a vachnav agus d'iàch shé shiar er.

"Tá go mah, a ghiula," er shishan. "Din do chayint agus ná bí a vad lé."

"Sdó, a ghuin'uasil, shid é atá oram," ersa Santsho. "Táimid a gluashacht inìsh er fued na núhy iasachda so, tusa a lorag iàcht le diànav agus tu á niànav chô tiuv agus hagan tú suas leó, ach ná icean éngi iad. Is ceart na hiàchda so a ghinean tú do shgrí shys a leouruiv, ach conas is fédir iad do shgrí shys a leouruiv mara vicfar iad ? Is dó lium fén gur b'é rod is ceart dúing a ghiànav ná dol fé láiv árdry égin nú fé láiv ímpiri égin a dreó go viadfása do ghníorha ghiànav a sherivísh an árdry shin nú an ímpiri shin. Ansùn do chiíí do ghníorha agus do molfí iad agus do curfí a leouruiv iad agus vèach duíni á lé agus a diànav úna ghíov. Agus b'édir go gurfí m'ainim fén sa leour, lesh. Ma curtar, âv, tá súil agùm ná tráchtfar er a blaingcéad. Ní tráchtfar. Ní bäl go dráchtfar mar ní eacuig éngi an obuir ach tu fén, a ghuin'uasil, agus ví an drycht ort an uer sin."

"Measim, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "go vuil a lán den cheart sa vachnav atá diànta agùt agus sa chayint atá ráiti agùt. Ach tuig an méd sho. Ní fláir do roduiri fáin a lán den dôun do chiúl er dúsh a diànav iàcht agus aihini veh èr imeàsc na díorha mar gheaul er véd a chrógachda, sar a lyhach shé ishdeàch a sherivísh än rí ná árdry ná ímpiri. Ansùn má víon ry nú árdry nú ímpiri a nguesh agus a nâuid ró-láidir dò, agus iníon áluing óg igè, cuirean shé fis er an roduiri fáin chun é chosint er an nâuid. Tagan an roduiri. Troidean shé an nâuid. Buan shé er an nâuid. Bíon gáirdeachas agus ardvyv agus tínti cnâv er lasa er fued na tíri. Chíon an rygan óg an roduiri fáin a vueg er nâuid a hahar. Tugan shi grá clév agus shearc a cry ghò. Chíon a hahir conas mar atá an shgiàl ici. Chíon shé, lesh, gur hug an roduiri uasal grá agus shearc a chry don ríogun óg. Dintear an cleâunas. Pósdar an lánú. Bíd na tínti cnâv er lasa irísh er fued na tíri. Tar ésh biogán ayimshiri tagan an bás er an ímpiri, nú er an árdry. Dintear ímpiri den roduiri fáin."

"Agus cad mar gheaul er a ngiula, a ghuin'uasil ?" ersa Santsho.

"Tugan an t-ímpiri nó a ghiula le pósa do vny uasil égin de vnáiv cuídeachda na rygana."

"Ach, a ghuin'uasil, ní ïrhach sun dôsa inéachor mar tá an teana-vean agus an chlaun am' ghieg sa vaili."

"Agus nách mó cuma 'nar v'édir don rí óg comuíni chur er a ghiula a n-iàmuish é fósa le hän vny, íshal ná uasal ? Ar nóin bíoch nách duin'uasal tusa fós dá mengshi am' rí ná bèach shé er mo chumas iarla nú tiarna tíri ghiànav díot !"

"Dar fie ach vèach, a ghuin'uasil, agus ansùn vèach an teana-vean na bayintiarna agus vèach an chlaun so atá sa vaili am' ghieg vedísh 'na ryganuiv agus 'na briúnsív ! Ochón ó ! Ní fis cá sdadfar ! Agus beg mo chlóca breá, muar, fada, dearag oram fén, shiar shys go sáluiv oram ! Ná bíoch än fiuc dá vearahal ort, a ghuin'uasil, ná go viàchuig an clóca dearag go breá sduama oram. Vís tamal am' ear tosig er chualacht égin agus ví gúna fada oram agus ambriahar go guirhach shé úna ort, a ghuin'uasil, a ous d'iàch an gúna sun oram."

"Ní ghinim än douta ghè," ersa Don Cíchóté, "ach nuer a ve tú ad' fiarda duin'uasil cahir airi nís feár a húirt don iàsóig shin ort. Bíon shí uereanta chô garav le tor aiting agùt ! Cahir tú fén do veara gahän lá nú shgéhi shí ort. Neósa shí do gahéngi nách piarda duin'uasil inéachor tú ach a valuirt."

"Ish é mo huerim, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "go vuil nihi muara a nán dúing."

"Bí deinihach dè shin, a ghiula," ersa Don Cíchóté.

"Dá vrí shin," ersa Santsho, "níl aguing le diànav, a ghuin'uasil, ach veh a mola Dé rôing."

"Go guiri Die er ár leas shing !" ersa Don Cíchóté.

Do sdadadar dá gayint mar do chnucadar chúha an bóhar rod a chuir iàchuint orha sdad. Chnucadar ghárуàg fear agus iad ceanguilti ghá chéli le sloura muar troum iaruing a ví a dol ó vineál go mineál orha a dreó go roudar fén 'na sloura, a shúl a nie chéli 'na nuini 's 'na nuini, agus a lâ ceanguilti go daingean le cuíneachuiv iaring. Ví bert varcàch 'na nieg iniar agus aram tini ig gach fear díov, agus bert ear 'na guish agus aram fuír ig gach fear díov.

"Cé hiad sun, a ghiula," ersa Don Cíchóté.

"Fir iad sun, a ghuin'uasil, atá ceapuihi chun där-ebiri ghiànav er na luingeas. Táhar á mreh chun na luingeas inìsh," ersa Santsho.

"Nách ait na duíni iad," ersan roduiri, "agus a reá go medísh a dol chun ebiri er a guma sun."

"Ní vedísh a dol chun ebiri er a guma sun, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "dá mèach leis acù er."

(*Ní críoch*).

## XXXVII.

"Agus an a guingiv a doili atáid shiad a dol chun na hebiri?" ersa Don Cíchóté.

"Gealuim 'oit gur b'ea, a ghuin'uasil," ersa Santsho "loum díreach a guingiv a doili!"

"Agus cé tá a diànav an égin shin orha?" ersa Don Cíchóté.

"An ry, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "nú b'édir gur ceart dom a reá, an dlí; ach ar nóin ish é an ry do chuirean an dlí a veim. Róguirí isheà iad a ghin droh-ghníorha agus do därag iad chun na hebiri shin a ghiànav er na luingeas agus táhar á mreh chun na luingeas inish."

"Tuigim," ersa Don Cíchóté. "Bíon ghá ínshint er gach shgiàl. Ní hainghan an córú sun atá er na fearuiv shin lium. B'édir go vuil iàgóir diànta orha. B'édir gur cuireag éhach er chuid acù. Is minic a crochag duini sa n-iàgóir. Má tá iàgóir diànta orha is ig roduiri fáin atá iad d'uasguilt."

"Shachuin, a ghuin'uasil," ersa Santsho. "Níl än iàgóir á ghiànav orha sun. Níl á ghiànav leó ach an pionós atá tuílti acù do chur orha."

Lena líng shin ví an sloura fear taguihi suas chun na háiti 'na roiv Don Cíchóté agus Santsho. Do ghin Don Cíchóté anún er ghuini den vert go roiv an t-aram tini 'na lâiv acù. Do louir shé go breá shév cneasda lesh a vear.

"Ar vishdi leat, a ir vah," er shishan, "a gh'ínshint dom cad fé neár na fir shin a veh dá shóla chun shúil er a guma neachoitianta sun?"

"Duír luingeas lesh a ry isheà iad, a ghuin'uasil," ersan fear, "agus táhar á mreh chun na luingeas chun där-ebiri ghiànav. Shin í breh atá túrha orha. Shin a vuil agùmsa le rá 'na däv."

"Tá go mah, a ghuini vacánta," ersan roduiri, "ach mara mishdi leat é ba vah lium a gh'iarhy de gach fear díov cad a ghin shé as a shlí a chuir sa chruatan sun é. Ba vah lium a is a veh agùm cad tá le rá ig gach fear díov mar leashgiàl dò fén."

D'iàch an fear er an roduiri. Chnuic shé an tlea, agus chnuic shé an clyv, agus chnuic shé an iàchuint ghruama chyhach a ví a ngnúish an roduiri. Hig shé a n'aigini go m'édir gur v'ear é ghlaca raeg.

"Táid na páipér ansò agùm, a ghuin'uasil," er shishan, "agus cúntas orha er na droh-ghníorhiv a ghin gach cuiripeach acù sun, ach mar shin fén measim go vuil shé chô mah agùm leoguint doit iad fén do cheshdiú, mar a derir. Tar 'na dusàch má's mah leat é agus ceshdig iad. Ní dó lium go neósig éngi acù än vriàg doit sa cheshdiú mar tá's acù go ler go vuil na páipér agùmsa ansò."

Do ghin Don Cíchóté suas er a giàd ear, an fear a ví a dusàch an tloura.

"Cad fé neara ghoitshi veh sa chás sun?" er shishan. "Inish an íringi ghom."

"Mi veh a ngrá fé neár é, a ghuin'uasil," ersan fear.

"Tu veh a ngrá!" ersa Don Cíchóté agus úna er. "A roiv än chúsh eli chút ach grá? Dá viadach grá duini chur sa chás sún ba cheart mishi veh aun chô mah leatsa."

"Ní mar a chéli an dá ghrá, a ghuin'uasil," ersan där. "Is âuluig a hitisa a ngrá le bosgéad breá líniàduig. Do hógas é mar gheal er véd a ghrá a ví agùm don líniàdach úd. Ní sgarhing lesh chuíhi dá ruihach lium. Ach do rugag oram díreach agus mi á árdú lium chun shúil. Ní roiv än chosint agùm le diànav oram fén. An vean go ma lé é ní roiv än uruim icì don ghrá a ví agùmsa don líniàdach úd. Ní roiv än trua icì ghom. Do shgiúrsálag go mah mi mar gheaul er. Tá ryan na shgiúrsála sun ansò er mo ghá hlingeán agus beg go ceaun tamuil. Tá côireav na muilí le lé oram má's sgláirhi hu."

Chuireadar go lér uel gháirí suas dá véd pionós a ví ig an sloura muar dá chur orha.

"Agus cad a hug tusa ansò?" ersa Don Cíchóté lesh an tarna fear er an sloura. Ní vuer shé än reagara ón vear sun. Níor iad an fear sun a ghiànav ach veh ag osnyl agus a shili. Ví sruh deor anuas óna húiliv agus gahän osna a teacht ueg a dreó gur ghó le duini go dachtfí é. Hug an chiàd ear freagara har a cheaun.

"A cheóltóireacht fén fé neara ghò sun veh ansò," ersan chiàd ear.

"Aililiú!" ersan roduiri, "an âuluig a curtar duini chun där-ebiri mar gheaul er veh a diànav ceóil! Ní higim é."

"Shid é brí atá lesh," ersa fear an ghuna. "Nuer a curtar an fian er ghuini acù so chun na fíringi d'ásga amàch as a viàl, má adavyn shé a chuir trí neart na péni tugan an chuid eli 'ceóltóir' er agus ní tugtar än tueneas dò an chuid eli dá hät. Gady behych é shin, a ghuin'uasil. D'adava shé fén gur v'ea nuer a cuireag an fian er. Do bueleag ciàd buili den shgiúirshi er agus do cuireag shé bliana där-ebiri er agus ní sdadan shé ach a gol. Tá gráin ig an guid eli èr toishc nár chimeád she an adaváil ishdig. Dar leó, ba cheart dò gan an där-vreh a húirt er fen, amàch as a viàl fén; agus go dein is dó liumsa go vuil an ceart sa méd shin acù."

"Is dó liumsa, lesh, é," ersa Don Cíchóte. "Agus tusa," er shishan lesh an dríú fear, "cad a hug ansò husa?"

"Deh núcat a veh a n-easnav oram, a ghuin'uasil," ersan fear.

"Deh núcat!" ersa Don Cíchóté. "Túrhadsa fihi dúcat doit láirhach má häran sùn tu as a nguesh sho."

"Nior tugag a n-aum iad," ersan fear. "Dá dugtí ghom an t-airigead sun a n-aum d'iatuing breab a húirt do chléreach na cúirti agus breab eli don atúrnä a ví am' chuingiv agus do särfi amàch mi agus veng a shúl na sráidi inìsh a Socodover, a Doledó, go sär sáválta, a n-inead veh ansò am' ghär, fén sloura so, a dol a trial er na gurapuiv breâha úd!"

"Cad é an says roda an gurapa?" ersa Don Cíchóté.

"Shin é ainim a huguimíd er gach luingg des na luingeas so 'na gahimíd an där-obuir a ghiànav orha," ersan där. "Ach ní feár veh a cayint. Tá Die láidir—Shin a vuil le rá agùm Is mah í an oyingi."

(*Ní críoch*).

## XXXIX.

Háinig Santsho agus chroum she er na ceangalachá vuint des na prisúnuig. Hug Gínes de Pasamonte royint óluish dò er conas an sguili ghiànav. B'e Gínes fen an chiad ear a vi sguilti. Níor v'ada an vuil er shin an chuid eli do sguili. Nuer a víodar go lér sguilti víodar a breh a mächuish go dúrhachdach le Don Cíchóté.

"Tá go mah," ersa Don Cíchóté leó. "Tá cumuíni vuar curha agùm oruiv. Tá cead úr gos túrha agùm dív. D'uasgalas shiv ón sloura muar troum sun. Caha shivshi inìsh än rod aváin a ghiànav dôsa."

"Diànhimíd än rod inéachor a gh'iarhir oruing, a ghuin'uasil," er shiad go lér d'än ghuh, "agus ar nóin, ní nách úna, is mah an ceart dúing sun."

"Má shea," ersa Don Cíchóté, "tóguig suas an sloura sun agus filig er a chéli é agus cuirig 'na haunta chúiv na ceangalacha eli shin a ví er úr lâiv agus er úr gosiv, agus berig na ceangalacha go lér liv go dí cahir Hobosó mar a vuil mo sbérvean uasal, Dolsinéa, 'na cônу, agus cuirig er a dalav 'na láhir iad agus abaruig lé, le muar-chuid ûlychda, mar sho:—

"'A ríogan uasal, do chuir an gaishgíoch cróga, Don Cíchóté de la Mantsha, an roduiri uasal fáin go vuil a chlú agus a cháil agus tuerishc a vuar-ghníorha a miàluiv duíni er fued a dôuin go lér inìsh, do chuir shé shingna ansò chútsa chun a gh'ínshint doit gur uasguil shé shing ó vrayidineas le neart a lâ fén, agus gur b'iad so na sloury agus na crua-cheangalacha do vuin shé ghing, agus gur mian lesh go vágfí ansò agùtsa iad mar chôrha agus mar hisbeána er véd a ghrá ghoit.'

"Cahig an dáryàg aguiv dol a n-éneacht agus an méd shin do ghiànav, agus nuer a veg an méd shin diànta aguiv téach gach duini aguiv a vaili chun a ghúha fén agus cahach shé an chuid eli dá veaha mar is ceart do ghuini vacánta a veaha do chahav."

"Ach! a ghuin'uasil," ersa Gínes, "ní vèach än vreh inéachor aguìng er an ní shin do ghiànav. Tá an gárda úd a ví oruing imìhi har naish chun an frísúin as ar tugag shing er maidin iniùv. Neóssid shiad an gníov so atá diànta igat' onóir. Bed na bráirhi beanuìhi amàch láirhach er ár dóir. Cahimíd sgaipi. Cahig gach duini aguìng imeàcht a n'änar agus é fén do chur a vulàch chô mah agus d'iata shé é. Cahimíd sgaipi láirhach. Ní fédir d'än vert aguìng fanúint a vochuir a chéli. Cuir gnó égin oruing, a ghuin'uasil, agus diànhimíd é má iaduimíd é ghiànav. Ach imeàcht inìsh go Tobosó a trial er an ryguin Dolsinéa chun a gh'ínshint dì gur b'é an roduiri gruama do chuir a trial erhi shing! Iriú vèach bèarha oruing sar a memísh leah na shlí agus vèach na sloury sho agus na ceangalacha so curha oruing irísh chô daingean agus víodar ryav, ní hea ach nís daingini! Bíoch cial agùt a ghuin'uasil. Ní fédir dúing an rod sun a ghiànav."

D'eirig an roduiri er buili. "Dar so 's súd, má shea!" er shishan, "a vic na sdriapy, cahirshi dol aun at' änar agus na sloury go lér do vreh leat, hiar huas er do vuin, nú cuirhadsa an tlea so treasna hríot an neómat so!"

Ví shé a beartú na shlea. Hug Gínes cogar don chuid eli den dáryàg. "Duini buili isheà é!" er shishan. "Ayimshíg na clocha nú maireó shé shing go lér!" D'ayimshíodar na clocha agus chromadar er veh a ruih muarhímpal èr chun gan veh er ayig na shlea agus a ráidi na gloch lesh ó gahän täv. Háinig na clocha 'na gih er. Ví an cih ana-ghian mar ví an dáryàg acù a cahav lesh. Do dalag é glan. Do hep èr é fén do chosint lesh an shgéli. Háinig na clocha hys agus tuas er fén agus er a chapal. Hit shé fén agus an capal er a móhar. Do rih Gínes chuigi agus do riug er "chlogad Vambrínó."

D'an an roduiri mar a ví igè. D'an Rosinante mar a ví igè lesh. Víodar shínti a n-aici chéli agus ní roiv än ún eirihi er éngi acù. Ví Santsho er a choruigiub le haish an asil, agus ní mishdi a reá ná roiv än ún gáirí er. Víoch an t-asal a croha a chíng agus a suaha a chluas inìsh agus irísh. Is dócha go vuer shé royint des na clochuiv fan na glúas. Fé gheri do louir an roduiri ón áit 'na roiv shé shínti. Níor ghin shé än iaracht er eirí aniar er a chouil. D'an shé shínti agus do louir shé.

"A Hantsho!" er shishan.

"Teacht, a ghuin'uasil," ersa Santsho.

"Is minic airís, a Hantsho," er shishan, "go mèach shé chô tairifeach ig duini veh a cahav ishgi ishdeàch sa varuigi le veh a diànav mahasa do ghär-aicimi. Dá nining rod ortsa ní imeóch an méd sho oruing. Ach tá an díováil diànta. Cahad foyingi ghiànav inìsh agus fiàchuint róm feasda."

"Is dó lium, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "go niànhir an oyingi mah go leór, ach ní hé mo huerim go viàchir rót puíng. Ach ó derir ná bèach an shgiàl er a guma so aguìng dá nglacá mo chôirli-shi, glac mo chôirli inìsh nú ní fada go meg an shgiàl nísa veasa aguìng. Ní fada go med na bráirhi beanuìhi ansò er hóir na mihúnach úd agus má verid shiad oruingna ansò ní fis cad d'imeóig oruing. Níl blúiri bingi acù súd er roduiri ná er ghiula roduiri."

"Tá go mah, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Ní ve shé le rá agùt ná glacuim do chôirli chuíhi mar glacad do chôirli inìsh. Ach má shea is er än chuiníl aváin a ghlacad í."

"Aililiú, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "Cad é an cuiníol iadfá chur oram inìsh! Má verid na bráirhi oruing cuirhid shiad cuiníolacha agus ceangalacha ár nóhin oruing agus ní iarhid shiad ár gead chuigi gealuim 'oit é."

"Ní ácadsa an áit sho chuíhi, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "mura ngeaulhirshi ghom ná diàrhir le hän duini beó gur le hagala ruimish na bráirhiv beanuìhi a gh'ágas an áit. Cahir a reá a gôny le héngi a chuirhig än chesht chút a däv an shgél, gur a géli dot' chôirli fén a gh'ágas an áit. Má derean tú a valuirt shin diàrhir an t'éhach! Agus dá niàrfá é shacht n-ueri diàrhing leat shacht n-ueri gur huguish t'éhach! Ná túir freagara oram inìsh! Cuirean shé er buili mi cuíneav inéachor er hehi ó än nâuid. Dá dagach a vuil de vráirhiv beanuìhi sa Sbáing as mo chôir ansò inìsh agus mi veh am' änar, gan iread agus mo ghiula agùm, ní raying órlach a nieg mo chúil uaha, fiàch!"

*(Ní críoch).*

## XL.

"Ach! a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ní gá dot' onóir louirt er a guma sun inéachor! Ní fehi, do roduiri na do ghiula, gahän vúntáishdi a gh'iata shé do vreh er a nâuid. Tar anáirdi er Rosinante, a ghuin'uasil, má tá er do chumas dol anáirdi èr gan chúnav. Mura vuil túrhadsa cúnav doit. Tá á hisbeáint dom dá luahacht a vemíd imìhi as an áit sho gur b'ea is feara ghúing é."

Níor louir Don Cíchóté focal eli. Chue shé er muin Rosinante agus do lean shé Santsho a ví heana fén er muin an asil valuig a cur na shlí ghè.

Hug Santsho ayig ó gheas er na cnucuiv, er an Síéra Móréna, ná roiv avàd ón áit. Ví socuir ig Santsho er ghol ishdeàch imeàsc na garuigreach a ví sa Tíéra Móréna sun agus fanûint a volàch a bluesh égin er feag royint lähanta go dí go mèach a guardach diànta ig na bráirhiv beanuihi. Na bihúnuig úd a ví chô hilti er chahav na gloch ví iread sun dihinish orha ag imeàcht nár chuiníodar er na máluív a chuardach a ví er an asal. D'ág sun iread lóin ig Santsho agus ghiànhach an gnó ghò fén agus dá váishdir go ceaun royint lähanta.

Do leanadar a cur na shlí ghíov an íhi shin go dí go roudar ishdìg a lár na gnuc. Hocarydar iad fén ig bun caruigi mar a roiv fohin vah acù. Ví díon as a giún aun mar ví cruíng chorca a fás amàch à clíhán na caruigi lastuas díov.

Hocarydar iad fén er a sueneas agus haruigeadar chúha a guid lóin agus d'ihadar a nóhin. Nuer a ví a nóhin iti acù do híneadar iad fén ishdeàch le bun na caruigi mar a roiv an áit go breá tirim agus níor v'ada go roiv an vert 'na gola go sâv. Ví Rosinante agus an Balàch ag ingíor go dí go roiv a nóhin fér ghluish iti acù, lesh, agus ansùn do lydar er a dalav er a sueneas chun na híhi chur díov.

Nuer a rih na bihúnuig as an áit 'nar uasguil Don Cíchóté iad ón sloura muar, as an áit 'nar ágadar é fén agus a chapal shínti, leah-varav ó veh a gváil a mächuish lesh le gváil dos na clochuiv er, hug gahän víhúnach acù, mar a duert Gínes de Pasamonte, shlí fé leh er. Cá dúrhach Gínes fén ayig ach ishdeàch a gnucuiv an Síéra Móréna! Ví shé sáiti a bluesh ná roiv avàd ón garuig mar a roiv an vert. D'airi shé a teacht iad. Níor chuir shé cor dè. Ví shgeacha a fás lasmùh de viàl na plueshi 'na roiv shé. D'an shé socuir agus é ag éshdeàcht lena gayint go dí go roudar 'na gola go sâv. Ansùn háini shé amàch as a bluesh go han-aicilí. Chnuic shé Rosinante agus an t-asal. Ní roiv än veas er Rosinante igè. Do haingh an t-asal lesh. Chuir shé an ialuit nó er an asal agus chue shé er a vuin gan än oharam a ghiànav agus shúd chun shúil é. Viàrhach shé an méd a ví gan ihi den vie lesh ach ví an mála ró-chônggarach don vert agus ví agal èr go núshóch shé iad.

Do choduil an vert go sâv go dí gur ghúshig solus na gréni iad. Chimil Santsho bas dá húiliv agus d'iàch shé 'na hímpal fiàchuint cá roiv an t-asal. Ní roiv an t-asal le fishgint. Freab shé 'na hí agus d'iàch 'na hímpal ní bá ghéri. D'iàch shé shys agus suas, sir agus shiar. Vuel shé a ghá vaish agus chas shé ologón.

"Iriú cad é sho inish ort, a ghiula?" ersa Don Cíchóté.

"Ó, a ghuin'uasil," er shishan, "táim creachda! táim creachda glan, amùh is amàch!"

"Iriú cad a chreach tu? Nú cad tá ort inéachor?" ersa Don Cíchóté.

"Ó, a ghuin'uasil," er shishan, "tá Balàch imìhi! Tá Balàch imìhi! agus cad a ghiànhad inéachor! cad a ghiànhad inéachor!"

"Ésht, a ghiula," ersa Don Cíchóté lesh. "Tá trí cing d'asaluiv maha sa vaili agùmsa. Túrhad shgríving doit agus fiatuir dol agus do reou ghíov a húirt leat agus do chimeád. Ní ve tú gan asal pé rod atá imìhi er Valàch."

"Ó táim ana-väch díot, a ghuin'uasil, táim ana-väch! Ish é rod tú ná duin'uasal fónta. Agus ar nóin shin mar ba cheart do roduiri fáin a veh."

D'imig an vuert. Ví Santsho sásda. Ní fágfí gan asal é, agus b'édir go mèach an t-asal a gheóch shé ó n-a váishdir ní b'ear ná Balàch dá aus é.

Hug shé fé neara an roduiri tamal ueg anún agus rod égin igè á hóguint inís à claish a ví aun. Rod égin troum a b'ea é. Do rih Santsho anún chun cúnuiv a húirt don roduiri. Hógadar inís as a glaish an rod. Says égin portmantó a b'ea é agus é ceanguilti de hean-ialuit. Ví an portmantó agus an ialuit leah-lofa ó veh caiti sa chlaish, fén vearhing le fada ruimish sin.

"Osguil an portmantó, a ghiula," ersan roduiri, "agus fiàch a vuil än rod ishdìg aun a hisbeánhach dúing cé lesh é."

D'osguil Santsho an portmantó. Fuer shé ishdìg aun cherhi lénteacha breaha líniàduig agus royint ciarsúirí. Ví an t-iàdach chô mah, chô huasal sun goma lér don vert gur le duin'uasal égin iad. Fílti ishdìg a geaun des na ciarsúirív fuer Santsho mám breá muar troum de físív óir. "Ó, mola go deó le Die na glóiri," er shishan, "tá iàcht tairifeach taguihi 'nár dreó fé gheri hiar haul!" Ghin shé tuili cuarduig agus haruig shé amàch leouirin póca a ví gliàsda go hórnáideach.

"Túir dôsa an leour sun, a ghiula," ersa Don Cíchóté.

"Agus cad a ghiànhad lesh an airigead so, a ghuin'uasil?" ersa Santsho.

"Cimeád é," ersa Don Cíchóté.

Ansùn ish ea ví an t-áhas a geart er Hantsho. Chue shé anún agus do riug shé er láiv er an roduiri agus chroum shé er an láiv do fóga go dúrhachdach.

D'osguil Don Cíchóté an leour póca. Fuer shé royint páipéar ishdìg aun agus shgrívingí orha. Chroum shé er na shgrívingí do lé. An aid a ví an roduiri a lé na báipéar ví Santsho a cóireav an airigead agus á chur ishdeàch 'na fóca chuigi go cruíng. Lena líng shin d'airíodar chúha aneàs tríd an ngleaun marcàch agus é a teacht er cosanáirdi. D'iàch an vert 'na hreó.

"Dar fie," ersa Santsho, "ach tá an bearabóir úd a teacht írísh a d'iaruig clogad Vambrínó áil uet, a ghuin'uasil."

"Ní hé atá aun, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "ach an bihúnach úd gur vuineas na sloury ghè."

(*Ní críoch*).

## XLI.

**Lena líng shin do chah an marcàch é fén anuas den chapal,** ní hea ach den asal, mar is er asal a ví shé, agus do rih shé leh-tuív ishdeàch idír ghá charuig, às a rayrc. Háinig an t-asal chúha er cosanáirdi.

"Ó a ghuin'uasil," ersa Santsho, "Ish é an Balàch atá aun! Ish é m'asal bocht fén é! Ó, a Valuig a chry ishdig an tú sun!"

"Measim, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "gur ceart dom an cuiripeach úd do leanûint agus breh er agus díoltas a ghiànav er."

"Ní hucfa suas lesh inish, a ghuin'uasil," ersa Santsho. "Ta ólas na ngleaunta so igè shúd. Vèach shé a'volàch a bluesh a ngioràcht pérshi ghúing a ganas dúing agus is âuluig a vèach shé a maga fúing."

"Ní derim ná go vuil an ceart agùt, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Dá iàmuish shin, chím rod égin ins na páipéaruiv sho a hisbeánan dom go m'édir go vuil gnó le diànav aguing is mó le rá ná veh a ruih a nieg a vihúnuig úd. Gan âuras is duin'uasal égin do shgríg an ilíocht so, agus gan âuras is lesh an nuin'uasal giàna an t-airigead sun a fuaruish sa fortmantó. Tá ceanguilti oruing an duin'uasal sun d'áil agus a chuid airigid a húirt dó."

"A vuil än tuerishc sa shgríving, a ghuin'uasil, er cé hé fén?" ersa Santsho.

"Ní fédir lium än ólas d'áil as an shgríving er cé hé fén. Ní fédir lium a ghiànav amàch ach gur duin'uasal óg é agus go roiv shé a ngrá le ryguin óig égin agus gur hug shishi grá ghò-sun er dúsh agus ansùn gur ghiulta shí ghò agus gur fós shí fear a ví nibá heviri ná é."

"Greada chúhi!" ersa Santsho. "Tá súil agùm," er shishan, "go dúrhig an fear sevir an bata ghì! Agus túrhig."

"B'eár lium ná rod mah go viatuing a ghiànav amàch cé hé fén a dreó go viatuimísh a chuid airigid a húirt do," ersan roduiri.

Níor háingh an chayint shin le Santsho ach ní duert shé ärod. Chueg Don Cíchóté er muin an eh agus chueg Santsho er muin an asil agus ish é a ví go háhasach a n'aigini. Ví shé er muin an Valuig irísh, agus an t-ualach airigid 'na fóca igè. Níor àn än chuíni igè er locht a flaingcéd, ná er a malsam, ná er än cheaun éli des na matalúngguiv a ghoiv é ón la a dineag giula roduiri fáin dè go dí an lá sun. Chuir an t-airigead iad go lér as a cheaun.

Víodar â cur an ghleana ó gheas díov agus b'in é an gleaun a ví go mí-chorhamach; é lán de charuigreachuiv árda fiàini er gach täv den vóirhin chaum chüngg a ví féna gosiv. Chnucadar go hoban mar vèach duini fiàin, nú duini buili, a teacht anuas ó häv na lâ deshi den ghleaun. Ní roiv puíng iàduig er, agus an méd a ví, ví shé sdolta sdracuihi, a dreó go roiv óna ghá chromán suas agus óna ghlúiniv shys dè nochduihi er fad. Do rih shé anuas täv a ghleana agus é a lémirig ó charuig go caruig a dreó gur ghö le duini gahän neómat go mrishfí a chnâ. Do rih shé rómpa tamal beog, fan a vóirhin. Ansùn do lém shé suas er charuig er a däv eli den ghleaun agus ví shé as a rayrc láirhach imeàsc na garuigreach.

"Imigshi ansùn ishdeàch idír an dá charuig shin er do láiv chlé ansùn agus ruih agus tar ruimish agus raydsa agus leanhad é. Má ghinimíd dihineas tiucuimíd suas lesh a vear mocht. Táim deinihach gur lesh an t-airigead sun atá agùt. Ní muar dúing é húirt dó más lesh é," ersa Don Cíchóté.

"Ó, a ghuin'uasil a chry 'shdig!" ersa Santsho, "ná iiar oram imeàcht uet! Ní leocach sgâura ghom cory uet. Hi...ach an t-anam asam dá meng am' änar ins na háiteanuiv fiàini sho. Ní chuirean än rod sgâura ná agal ortsa, a ghuin'uasil. Ní mar shin dôsa, cuirean gahän rod sgâura oram nuer ná bim 'a n-aici leat fén. Er sun Dé, a ghuin'uasil, ná hiar oram imeàcht uet! Cavas nach âuluig a raying amú ins na gleauntuiv cyhacha sun agus ná ficing t'onóir go deó irísh!"

"Tá go mah, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Is mah a rod duini égin aguing a veh gan agala. Fan am' aici agus ní veg bäl ort. Geóimid muarhímpal na caruigi mueri shin. Tá shé er a däv eli ghì. Bí a fairi go giàr. Cimeád do húili er dian-leaha. Tá shé daingean am' aigini gur lesh shúd an t-airigead."

"Ba ghó lium fén, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "gur chialvuiri go muar dúing sguili lesh. Má haguimíd suas lesh agus má gheimíd amàch gur lesh an t-airigead cahad é húirt dò. Ba ghó lium gur v'eár an shgiàl do ghlaca go breá raeg, an t-airigead a chimeád 'na chóir go dí go diucach shé fén á lorag agus go dúrhach shé côrhy fíringeacha ghúing èr gur lesh é. Ansùn b'édir ná tiucach shé go ceaun avàd. B'édir go mèach an t-airigead caiti agùm um a daca sun agus go memish sär ó än oibliogáid 'na häv."

"Shin é baul, díreach, 'na vuil dearúd muar ort, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Dá ma ná bèach än âuras aguing gur lesh an t-airigead ní vèach iàchuint oruing, b'édir, a hili dá ghua áil. Ach nuer atá gahän âuras aguing gur lesh é dá ma ná diànhimísh díhal er lacht suas lesh agus é húirt dó níor v'édir duini macánta húirt oruing. Din an rod aderim leat, a ghiula, ós duini macánta hu. Nú lean ansò lium háluiv ó tá an sgâura ort, agus b'édir go viatuimísh teacht suas lesh."

Ghluashadar orha, an roduiri er tusàch agus Santsho er muin än asil achamuir go mah do háluiv Rosinante. Casaí dár hug an bóirhín, cad a chíhidísh, caiti sa díg, a leatuív a vóirhín, ach conablach miúili! Ba lér go roiv an conablach sa n-áit tamal mah. Ví cuid vah ghè iti ig gayruiv agus ig priàchánuiv. Ví srian vrishdi er cheaun a chorpáin. Hig Don Cíchóté láirhach gur v'é an fear fiàin lomarachda an té goma lesh an viúil agus an t-airigead. Do sdadadar a fiàchuint er a gorpán. D'airíodar fead a leh na lâ deshi. D'iáchadar sa treó sun. Chnucadar tamal uaha suas er häv a chnuic sgata gour agus sheanduini 'na mun. Do ghlaeg Don Cíchóté er a sheanduini agus vaguir shé èr teacht chuigi anuas.

"Ochón," ersan sheanduini, "nách cûngg a ví an säl oruiv, agus an Sbáing go lér, agus a reá gur cheól an donas ansò ishdeàch shiv sa viantas so!"

*(Ní críoch).*

## XLIV.

D'imís er maidin amáireach a ví chúing. Chuireas an tlí ghiom agus hro[illegible] pálás a Diúic. Do ghlac an Diúc mi go honóireach. Hisbeáin shé iread sun onóra ghom, an lá sun agus gahän lá as sun amàch, go dáinig lán a gíng d'iàd er na sherivíshachuiv a ví sa fálás.

"Vís, do raer na letiri a fuer m'ahir, chun veh am' chomarády ig an mac ba hini a ví ig a Niúc. An tarna mac a ví igè, âfach, do cheanguil shé suas díom. Víoch na duíni a diànav úna ghè ví a lihéd shin de váig ige lium agus a lihéd shin de vuíntearhas eadaruing. Ví shé an-osguilti lium. Ní víoch éngí a n'aigini ná hínshach shé ghom. Ví gnó égin er shúl igè nár haingh lium. Vís ghá chóirliú, a d'iaruig é iúmpáil ó n'ayilis. Ní roiv än vah ghom aun. Fé gheri hocarys er an shgiàl go lér a gh'ínshint dá ahir, don Diúc. Dá ma ná neóssing é hucach easonóir don Diúc agus dá haylach as agus vengshi ciuntach sa n-easonóir shin, tar ésh na húntuívi go lér a ví ig a Niúc asam. Fernandó a b'ainim don vac ayileasda. Hig shé a n'aigini, is dócha, gur ghuini mishi ná cuirhach suas le hän rod a húrhach easonóir er haylach an Diúic. Do bucleag ishdeach a n'aigini go neóssing an shgiàl don Diúc ní ba húishgi ná mar a leocuing don easonóir teacht. Ví shé gasda. Do louir shé lium.

"'Fiàch, a Chárdénio,' er shishan, 'tá an ceart agùt, agus tá náiri oram. Ba chóir gur mó an fún ba cheart a veh oramsa chun onóra m'ahar agus ár deyluig do chosint ná mar a vèach ortsa. Táim ceapuihi er eiri as an ní sho ná tainghan leat. Chun eirí às a geart measim ná fuil än rod is feara ghom ná imeàcht as an áit sho er fad go ceaun tamuil. Dá meng geárha amàch ón gôluadar is ól doit b'édir go n-imeóch an dícéli as mo chry.'

"'Agus caidé an treó buíl 'nar vah le t'onóir ayig a húirt, led' hoil?' ersa mishi. 'Cár vah leat an tamal sun do chahav?'

"'Ní dó lium,' er shishan, 'go vuil än áit sa Sbáing 'nar v'eár lium an tamal a chahav ná a dig do vuíntiri-shi, a Chárdénio,' er shishan. 'Tá's agùm go mah go mèach fáilti róm aun agus tá's agùm, lesh, ón giun atá agùm ortsa, go mèach árd-chiun agùm er do vuíntir go lér. Agus is dó lium, 'na haunta sun írish go mèach áhas muar er m'ahir nuer a neóssing dò gur a dig do vuíntiri-shi a veng chun tamuil ayimshiri chahav.'

"Ní roiv än chuingi inéachor agùm lesh a gayint shin. Chuínís er Lúsinda. Ní roiv än lorag agùm er é ghol sa chôrsanacht inéachor. Ní roiv blúiri droh-úntuívi agùm à Lúsinda. Ví fis a haigini agùm agus ví's agùm í veh dílish dom fén agus dílish do Ghie agus dá credeav. Mar shin fén ní roiv än lorag agùm er an ógánach áluing óg uasal sun do ghol sa chôrsanacht. Chun an shgél a ghiànav ní ba víhainghavy ghom ví fis m'aigini túrha agùm dò, go humalán, avàd ruimish shin. Ní roiv än rod inéachor a n'aigini igè fén ná hínshach shé ghom go hosguilti. Níor iadasa gan an shgiàl go lér a gh'ínshint dò-sun a däv mi fén agus Lúsinda veh le pósa chô luah agus d'iatuing dol a vaili. Víng a mola a háileachda lesh, agus a mola gach dea-hréhi eli dá roiv inti, agus á ínshint dò caidé an grá le méd a ví agùm dì agus icì ghom. Ní roiv än lorag agùm er é ghol chun na háiti. Ón aihini a ví agùm er b'eár lium ná an Sbáing gur a dreó égin eli húrhach shé ayig. Ach cad iatuing a reá ná a ghiànav.

"Do hárla go dáinig chúm an uer chiàna sun letir ó Lúsinda. D'iar shí oram sa letir shin, leour áirihi do chur chúhi er iasacht. Leour roduireachda a b'ea é, agus 'Amadís de Gaul' an ainim a ví er——"

"Dá n-ínshtá ghom a dusàch do shgél, a ghuin'uasil," ersa Don Cíchóté, "go roiv dúil ig Lúsinda a leouruiv roduireachda níor ghá ghoit focal eli do reá lium chun ueshleachda agus érimi a haigini do chur a n-úil dom. Dá diucfá a vaili liumsa inish d'iatuing lán do chry de leouruiv roduireachda húirt doit le breh a trial er Lúsinda. Tá árd-uruim agùm dì mar gheaul er a núil shin a veh icì a leouruiv roduireachda. Derim gur vueg áileacht a cuirp agus érim a haigini er ríoganuiv óga an dôuin go lér agus än roduiri, uasal ná íshal, a diàrhig a valuirt shin liumsa diàrhad gur hug shé a éhach agus a ghearag-éhach, agus cuirhad an t-éhach a veim er le clyv nú le shlea, a láhir sló nú a n-uegineas, er muin eh nú er ód a váin, än lá is mah lesh freaguirt." Do sd d shé. Ví a cheaun fé ig fear na ngiubal an aid a ví an roduiri gruama a cayint. Do sdad an chayint ach níor louir fear na ngiubal.

"Comáin leat er do shgiàl, a ghuin'uasil," ersa Don Cíchóté.

"Tá an shgiàl críochnuihi," ersa fear na ngiubal.

"Níl an shgiàl críochnuihi!" ersa Don Cíchóté go fearagach.

"A chuiripig an íl agus an éhig!" ersa fear na ngiubal, "tá an t-éhach túrha ghá uer agùt dom! Do vealuish Lúsinda uem, a chlayiri, agus, ní hásóch sun tu gan teacht ansò chun veh a maga fúm!" Lena líng shin do láig shé cloch vah vuar hroum a ví er a dalav a n'aici, cloch go roiv lán a ghuirin inti, agus chah shé 'na ruchar í le Don Cíchóté. Do vuel shí é a lár a uchda agus do cahag shiar é er fleasc a ghroma! "Imig inish agus inish do Lúsinda gur ghineasa an méd shin leat!" ersa fear na ngiubal.

Nuer a chnuic Santsho a váishdir er lár do lém shé chun fir na ngiubal agus vuel shé buili ghoran a glár an iàduin er! Dò vueleadar fén a chéli. D'eirig Don Cíchóté chô luah agus háinig a anál dò agus shúd a cosint a ghiula é. Do ghoiv fear na ngiubal go mah er a mert agus ansùn d'imi shé uaha ishdeàch imeàsc na garuigreacha.

Nuer a ví fear na ngiubal imihi do louir Don Cíchóté lesh a ngiula. "Fiàch, a ghiula," er shishan, "is ait na duíni shiv go lér ansò shgiàlta gh'ínshint. An shgiàl úd a ví agùtsa á ínshint dom a däv na ngour dá mreh treasna na houn, do chríochna shé 'na lár toishc nár iadasa côireav cruíng a chimeád er na gouruiv agus iad dá mreh anún 'na geaun is 'na geaun. Níor iad shé focal eli den shgiàl a gh'ínshint mar gheaul er a vocal aduartsa nuer a duart go roiv leouir roduireachda a dóhin agùm le túirt er iasacht do Lúsinda!

(*Ní críoch*).

## XLV.

Is ait an says duíni shiv chun shgiàlta gh'inshint. Sdadan an shgiàl ishdig 'na lár aguiv díreach nuer a víon dúil valuihi taguihi ig duini sa chuid eli ghè! B'eár lium ná rod mah inish go mèach is agùm conas a ghluesh le Lúsinda agus le Fernandó úd, mac a Diúic, ach ní dócha go vayimíd a hili dá huerishc ón nuini buili úd. Ba vah lium, lesh, inish féni go neósfása ghom conas a rugag-anún an chuid eli des na gouruiv úd, agus conas imig lèsh an ógánach a ví a tehi, agus lesh an mny a ví er a hóir."

"Ní hän vah ghoit, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "veh a cuíneav er na gouruiv, ná er a mert úd, mar níl än fiuc ôluish agùmsa er conus d'imig leó. D'imig an shgiàl go lér as mo cheaun nuer iarhys de t'onóir an mó gour a ví bèarha anún agus a duaruísh ná feadaruísh."

Ví an vert a gluashacht, a cur na shíl ghíov, agus b'í shin a tlí a ví go hacharanach agus go hanacuir; bóirhíní cûngga cäla cama, anún 's anaul agus shys agus suas, a guingiv a chnuic agus le fánuig a chnuic, imeàsc árdán agus ishleán agus tar ghueliv caruigireach; an roduiri er tusàch er muin an eh agus Santsho lena háluiv er muin an asil, gahän túil-iàchuint ig an roduiri er gach täv dè agus ruimish amàch agus 'na ghieg fiàchuint a vaych shé än rayrc er a nuini buili agus gahän túil-iàchuint ig Santsho, ruimish agus 'na ghieg agus er gach täv dè, le hagala go vaych shé än rayrc er a nuini buili. Víodar arän ana-chiúin. Ní roiv focal à biàl éngi den vert. Ví a chúsh fén ig gach duini acù lesh shin. Ví machnav taguihi a geaun a roduiri ón gayint a ví igè lesh a nuini buili. Chnuic shé an t-ocaras a ví er a nuini buili agus an airc a ví èr chun a víg nuer a tugag dò é. Do chuir sun a machnav é.

Ví a chúsh fén ig Santsho, lesh, chun veh ciúin, a ghóhin de chúish. Ví órdú dian fálta igè ó n-a váishdir gan louirt go dí go lourí lesh. Ghin shé foyingi er feag avàd. Fé gheri do hig shé a n'aigini nár v'édir dò foyingeav nísa vó! D'iar shé cead cayinti.

"A ghuin'uasil," er shishan, "er v'é toil t'onóra leoguint dom rayint focal do louirt! Tá agal oram mara lourad go sgoilhig óram!"

Níor iad a roduiri, dá ghoingi é a vachnav fén, gan gáiri ghiànav. "Tá go mah, a ghiula," er shishan. "Abuir do chayint, ach ná bí avàd lé."

"Níl agùm le rá, a ghuin'uasil," er shishan, "ach gur vah lium imeàcht a vaili chun mo vná agus chun mo chluingi. Túir do vèanàcht dom, a ghuin'uasil, agus sguil uet mi. Nuer a rayd a vaili ní veg bac oram iread cayinti ghiànav agus is mah lium. A reá lium, a ghuin'uasil, veh a gluashacht at'ieg trís na shlétiv uegineacha so agus gan leoguint dom än ocal do louirt, is mar a chéli é agus mi chur beó a dalav, a ghuin'-uasil. Ní iatuing é heasav a hili. Dá mèach na behíg aulta ábalta er chayint a ghiànav inish mar a víodar fadó a n-ayim-ir Guisopéte ní vèach an shgiàl chô holc er fad agùm. D'ia-tuing rayint cayinti ghiànav inish is irísh lesh an asal so. Vuinhach sun an t-uegineas díom. Tá shé olc go leór ig duini veh à gluashacht tríd a säl a lorag íacht agus é veh dá riúsga le clochuiv agus dá chaliav anáirdi a blaingciàduív agus gahän ropuiri a vuelean imi veh a gväl de chiceanuiv agus de ghóirniv aun, gan a viàl a veh chô dúnta igè agus dáma glas a vèach er!"

"Tá go mah, a Hantsho, a vic," ersan roduiri. "Bíoch cead cayinti agùt an aid a vemíd sa n-uegineas so. Tá an áit uegineach gan âuras agus más fuasguilt ón uegineas doitshi cayint a ghiànav din í."

"Gura mah agùt, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "agus inish, ó tá cead cayinti fálta agùm ót' onóir ish é ciàd rod ba vah lium a ghiànav ná a iarhy de t'onóir cad ba ghá ghoit ayineas do chur er a nuini buili úd?"

"Do chuireas ayineas er, a ghiulá, mar vî an iàgóir igè agus ví an t-éhach igè," ersa Don Cíchóté. "Ví an t-éhach igè agus ví an iàgóir igè, agus mara mèach Cardénió veh as a veouir ní diàrhach shé an rod aduert shé a guingiv na rygana úd. Éngi a diàrhig an chayint chiàna diàrhadsa gur hug shé a éhach, agus dá n-abarach shé an chayint shacht n-ueri diàrhadsa, suas lena viàl, shacht n-ueri, gur hug shé a éhach agus a ghearag-éhach! Fiàch! Mara mèach Cardén veh as a veouir ní diàrhachs hé an chayint."

"Agus nách 'in é aderim, a ghuin'uasil," ersa Santsho. "Ví an duini bocht as a veouir agus níor cheart än tuím a chur 'na chayint. Pé'r dôun é, ba vah a vail er t'onóir gur sa n-ucht a vuel an chloch úd tu agus nách sa cheaun. Dá mueleach shí sa cheaun t'onóir ba chuma ghoit ceocu fíor nú briàg a duarag a däv na rygana úd pé'r v'í fén. Ach níor chuma ghôsa é. Dá n-imíoch än droh-ní ort, a ghuin' uasil, cad a ghiànhingshi! Chahing an chuid eli dem' häl à chahav a dol amú imeàsc na gnuc so. Vèach bert aguìng ansùn aun, mi fén agus Cardénió."

"Fág an shgiàl sun mar atá shé inìsh, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "agus bíoch fis a méd sho agùt. Bíoch 'is agùt, agus ná din de dearamad, pé rod aderimshi nú pé rod a ghinim, nú pé rod a chuirim rôm, go míon a ceart agùm. Túirshi airi don asal sun atá fút agus ná bí a cur ishdeàch er ghnóhív ná tuigean tú agus ná buinean leat. Tá gach ní a ghinimshi loum cruíng do raer dlihi agus ryalta na roduireachda agus ní higean tusa na dlihi shin ná na ryalta sun."

"Ní eadar an täl, a ghuin 'uasil," ersa Santsho, "ach an dó leat a vuil shé do raer dlihi agus ryalta na roduireachda ghúing veh a gluashacht tríd a viantas so, gan bóhar ná cosán aun, a lorag duini buili, agus go m'édir nuer a hucuimíd suas lesh a nuini buili gur b'âuluig a varó shé shing arän!"

"Ésht do viàl, a ghiula!" ersan roduiri. "Ná duart leat ná tuigean tú mo ghnó-sa! Tá gnó áirihi le diànav ansò agùmsa a n-iàmuish teacht suas lesh a nuini buili. Tá gníov agùm le diànav ansò, gníov a chuirhig a miàluiv duíni er fued a dôuin vuer vränuig mo chlú agus mo cháil er chuma nár cuireag clú ná cáil än roduiri fáin ryav fós."

"Le toil t'onóra, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "a vuil cúntúirt sa ghníov?"

(*Ní críoch*).

XLVI.

"Níl," ersa Don Cíchóté, "má rihan ling do raer mar a higim. B'édir go raych an shgiàl 'nár guingiv, ach is agùtsa a veg gan leoguint don shgiàl gváil 'nár guingiv."

"Agùmsa! a ghuin'uasil," ersa Santsho. "Ochón, a ghuin'uasil, conas iatuingshi än vuint a veh agùm le pé gnó é sho atá beartuihi inish ig at' onóir!"

"Má ghinean tú imníov agus veh har naish chúm go luah ón áit 'na vuilim chun tu chur le teachduireacht ní leanhig mo fionós avàd agus beg mo chlú 'na lán neart gan ruíneas."

"Ní fédir lium a hishgint, a ghuin'uasil, caidé an pionós atá le teacht ort ná caidé an t-imníov atá agùmsa le diànav chun a fionósh a vuint díot," ersa Santsho.

"Tuig an méd sho, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Tá ceanguilti er a nuini do chuirean ruimish gairim uasal do ghlaca èr díhal a ghiànav er ghualguishi na gairimi shin do chóliona do raer ueshleachda na gairimi. Tá ceanguilti er, dá vrí shin, aihirish a ghiànav er na duíni is feár a ghin a côliona sun ruimish. Níl gairim is ueshli ná gairim na roduireachda, an ghairim sho atá glacuihi oram agùmsa. Tá ceanguilti oramsa, dá vrí shin, a gôliona na nualguishí do vuinean le gairim na roduireachda so, aihirish a ghiànav er na roduiriv is feár a chôlíon iad a gahav na hayimshiri atá imìhi. A fiàchuint shiar dom er an ayimshir shin, ní icim än roduiri acù is ueshli gníov ná is írdi cáil ná an roduiri eiric úd Amadís de Gaul. Agus er na gníorhiv a ghin shé shin ní icim gníov is ueshli ná an airhí a ghin shé er vulàch na caruigi nuer a hrég an ríogan áluing Oriana é. Tá ceanguilti oramsa aihirish a ghiànav er a roduiri shin agus is usa ghom go muar an aihirish a ghiànav èr lesh an airhí ná lesh na gníorhiv muara eli úd, shé shin, marú fahàch, nú dícheàna oulfiàst, nú cosgar muarhló, nú scaipi agus brishi coulach luingeas. Tá an chä agùm inìsh ansò er an airhí do ghiànav agus ní haly ghom an chä do leoguint uem."

"Agus caidé sho atá beartuihi agùt a ghiànav, a ghuin'uasil?" ersa Santsho.

"Ná tuigean tú mo chayint, a ghiula!" ersa Don Cíchóté. "Ná hairíon tú mi á reá leat go vuilim ceapuihi er airhí ghiànav ansò imeàsc na gnuc so díreach mar a ghin Amadís de Gaul nuer a hrég Oriana é agus nuer imi shé 'na ghuini buili a sdraca na graun as a briàchuiv agus a brishi agus a räba gahärod a háinig 'na hreó. Ní gá ghôsa brishi ná räba ghiànav. Ní beog dom an airhí ghiànav mar a ghin shé shúd í, mar is ueshli í go muar ná än ghníov eli des na gníorhiv a ghin shé."

"Sdó fiàch, a ghuin'uasil, ví cúsh igè shúd lesh na droh-ghníorhiv a ghin shé. Níl än chúsh ig at'onóirshi le hiad a ghiànav. Do hrég an ríogan Oriana é shúd. Níor hrég än ríogan tusa, a ghuin'uasil. Dá m'í an ríogan uasal úd Dulsinéa del Tobósó fén í níl éngí diànta at' chuingiv ici. Níor hrég shí fós tu er än chuma. Níl än chúsh ig at'onóirshi chun veh er buili."

"Shiné díreach bunús a shgél, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Ní hän chrediùint do roduiri veh er buili nuer a gheyn shé än chúsh, ach gníov har na beartuiv do roduiri fáin isheà veh ig imeàcht er dearagvuili gan än chúsh. Má ghinim gníov úhósach agus gan än chúsh agùm chun a ghiànta túrhig sun le tuishgint dom' ríoguin uasil caidé an lérshgris a ghiànhing dá dugtí an chúsh dom. Dá iàmuish shin cá beog dom de chúsh chun veh er buili mi veh chó fada so a gén ónt' ríoguin uasil! Ná bí lium, a ghiula. Er buili isheà atáim agus er buili isheà a vèad go dí go diucuirshi chúm har naish ansò le freagara ón ryguin, Dulsinéa del Tobósó, er letir a húrhad doit le breh a trial erhi uem. Ní imeóig a vuili ghiom go dí go dúrhir freagara chúm uehi. Más freagara fónta a húrhir leat imeóig a vuili ghíom agus beg áhas oram. Más droh-reagara a húrhir leat leanhig a vuili oram agus ní leocuig a vuili ghom olcas an reagara do vohú. Ach fiàch, a ghiula, tá súil agùm go vuil cahvár Vambríno agùt. Chnuc tu á hógáilt den talav nuer a veas an bihûnach úd sm[...]ríní ghiànav dè. Do hep er mar ví an mianach ró-vah sa chahvár sun."

"Ó vuishi, a ghuin'uasil, tá mo chry brishdi agùt! Ní fédir lium foyingeav lesh a guma 'na louran tú uereanta. Cahvár Vambríno agùt á húirt er véshín vearabóra! Is beog ná go guirean tú iàchuint oram a veas ná fuil at' chayint go lér a däv roduireachda ach gäh! agus ná fuil ins na gníorhiv muara gaili agus gaishgi ach gäh, agus ná fuil sa n-uileán úd a ghealuish dom ach gäh. Tú le cerhi lá inìsh a túirt 'cahvár Vambrínó' er a méshín vrishdi sho atá ansò ishdig am' bála agùm! Is ro-gheocuir dom a hishgint nách er iàdromacht atá t'onóir!"

"Tá do chry brishdi agùm. Nách ait an duini hu, a ghiula?" ersa Don Cíchóté. "An mó uer a chuireas er do húiliv doit gur mar shin a víon an shgiàl a góny ig roduiriv fáin. Locht drychda agus dioblycht coitianta a cur an duiv 'na gheal orha fén agus er a ngiuluiv, a cur nihi as a rochduiv nádúrha fén a rochduiv eli, chun duíni chur amú! Shiniad atá inìsh ig ímirt ortsa a cur púicín er do húiliv chun a chur 'na ly ort ná fuil sa rod sun atá sa vála agùt ach méshín bearabóra. Ní fédir dóiv än fúicín a chur er mo húilivshi mar do chnuc an chiàd uer a leogas mo húil er gur v'é cahvár Vambríno é. Ach ní mishdi ghom an méd sho a gh'inshint doitshi. Ní nàuid a gh'imir an drycht sun er a gahvár. Fáig muíntearha atá agùmsa do ghin é. Shéid ana-luachvar isheà an cahvár sun. Dá n-ainhítí é do vèach an säl muar 'na ghieg oram agus do buinfí ghiom é. Ach d'imir mo chara uasal an drycht er agus mar gheaul er a nrycht sun níl aun at' húilivshi ach méshín bearabóra, agus ní vèach aun a súiliv éngi eli, ach chô beog, ach méshin bearabóra nú rod égin eli gan puíng tairifi. Am' húilivshi, âfach, nú a súiliv éngi do chíhach 'na riucht fén go fíringeach é, ish é cahvár Vambrínó é. Túir airi vah ghò, a ghiula. Ní veg er mo chumas-sa é hóguint uet go dí go meg an vuili airhí sho curha ghiom agùm. Más er Orlando a hocaród er an aihirish a ghiànav ní iatad cahvar ná édí ná än tays eli clúduig a chimeád umùm. Cahad veh tár-nocht, lomarachda, gan än luid umùm, nú ní vèach an obuir diànta sa cheart agùm."

(*Ní críoch*).

## XLVII.

An aid a ví an côrá sun er shúl acù hánadar go dí bun cnuic ird a ví deilti amàch ós na cnucuiv eli a ví 'na hímpal agus a ví ní b'uírdi ná iad. Ví sruhán ishgi a ruih treasna, hís ig bun a chnuic, agus ví crúing vreáha vuara a fás er vruach a truháin, agus glasary boraba a fás ig bunuiv na graun, agus a lán fér ghluish agus a lán blúhana seviri ioldahacha. Ach ví an cnuc lastuas díov go fiàin agus go hacharanach agus go loum. Chô luah agus chnuic an roduiri an cnuc sun do hocaruig a n'aigini gur er a gnuc sun a ghiànhach shé an airhí a ví curha ruimish igè. Do louir shé lesh a gnuc.

"Is crueg agus is loum agus is ocarach an iàchuint atá agùt mar chnuc!" er shishan, "ach shin mar is feár é, óir is luas ansùn er an iàdan mäl sun agùt atá oramsa inish mo hrévshi húirt a diànav na hairhí sho atá le diànav agùm. Cuirhid mo gheóra tuili ishgi sa truhán so atá a ruih ansò ig at' vun agus cuirhig an osna chlév, a veg a teacht óm' chry do ló agus d'uihi, tuili fuingiv sa ghuih shin atá a gluashacht, agus a veg a gluashacht, gan sos gan sueneas, muarhimpal er do chlíhánuiv lomarachda agus er do flaiting atá chô fada suas agus chô mäl!"

Chomáin shé lesh er a guma sun a cayint lesh a gnuc, ag aihirish er an says cayinti a chíoch shé ins na leouruiv roduireachda, an says cayinti, mar gh'ea, ba ghnáh le roduiri fáin do louirt nuer a higeach shé a n'aigini go míoch a sbérvean tar ésh é hrégean, nú ná bíoch shí dílish dò. Ví Santsho a fiàchuint er agus ig éshdeacht lesh. Chuir na sbeouruidí úna er, ach do hig shé ná roiv unta ach cuid de ghlihiv agus de ghualguishiv na roduireachda. A lár na cayinti ghò do vuin Don Cíchóté an trian agus an ialuit de Rosinante agus do sguil shé chun shúil é. "Imig, a Rosinante," er shishan. "Bíoch cead do chíng agus cead do chos agùt feasda. Is tu cach na gos luah! Is tu an shdiàd is feár dár leah roduiri fáin a chosa ryav er."

"B'édir, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "gur v'eár gan cead a chíng a húirt do Rosinante iniùv. Má tá secuir ig at' onóir er mishi chur er hachduireacht b'édir gur ghiora a veng ig imeàcht agus a teacht er muin Rosinante ná er muin an asil valuig sho dá ous é, agus vèach shé chô säráideach do Rosinante an cúrsa ghiànav fúmsa le veh a dol amú imeàsc na gnuc so. Níl puing ualuig unam shochas tusa, a ghuin'uasil. Fiatuir cead a chos a húirt dò nuer a hucad har naish. Agus b'édir ná bèach än ghá le cead a chos a húirt an uer shin dò mar b'édir go mèach an focal fónta agùm a teacht harnaish dom."

"Is fíor, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Tar er a vuin agus comáin leat. Ach fan go fóil. Ní iatuir imeàcht go ceaun trí lá."

"Agus cad chuigi an ruíneas sun, a ghuin'uasil?" ersa Santsho.

"Cahir fanûint ansò go ceaun trí lá, a ghiula," ersan roduiri, "a dreó go vicir mi a diànav na hairhí sho agus go meg er do chumas a gh'inshint di cad iad na pianta a veg agùm á ulag le grá ghi. Chíhir mi a sdraca mo valcuishí as a chéli agus a gvàil dem' cheaun a guingiv na garuigireach agus a diànav gníorha sgâurúla eli dén tórd, fé mar ba ghnáh le roduiriv fáin a ghiànav nuer a vídish a ngrá lesh na ryganuiv ueshli ná tugach freaguirt er a ngrá."

"Shachuin, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "sara muelfá do cheaun, avàd ueng an t-olc! a guingiv carnigi a vèach ró-chrueg nú ró-ghiàr, agus do chuirhach, b'édir, deri go hoban lesh an airhí. Ná diànhach shé an gnó dot' onóir do cheaun do vuala a guingiv ishgi, nú a guingiv ty, nú a guingiv túrtóigi a vèach breá bog agus ná diànhach an díovàil dot' cheaun. D'iatuingshi a gh'inshint di shúd go mihá a buala de chíng a guingiv puínti carnigi a ví chô giàr le puínti shgeni. Ó ná fuil sa ghnó go lér ach leoguint er ghuini cad is gá ghoit hu fén a ghortú?"

"Táim bäch díot, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "mar gheaul er do gheá-chôirli. Ach tuig an méd sho uemshi. Ní ceadyhar än neàgháiríriv sa ghnó so na roduireachda. Ní fláir gahärod a veh díreach, fíringeach, macánta. Tá ceanguilti oruing veh dílish ins gach says gnóha dá ninimíd. Tá shé chô mah agùt, âfach, rayint carnig d'ágáilt agùm le cur am' chneáchuiv má víon gá agùm lesh. Is truä mar a chaileamuir an balsam."

"Le hanaman t'ahar, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ná trácht er a malsam. Is beog ná go ninean fiú fuem an ocuil mo ghuili d'iúmpäil! Ach a däv an trí lá so atá ceapuihi igat' onóir dom chun veh a fiàchuint er do fionóishív, abaruimísh go vuil an ayimshir caiti heana fén. Glacad gach ní a n'iringi. Níl än chleasycht vuili a gh'iadfá ghiànav ná neóssad dì. Cuir er a móhar mi agus Rosinante fúm agus glueshód mar ghlue-shóch an ghäh go dí go mèad a láhir Ghulsinéa. Neóssad mo shgiàl dì, agus léhad an letir dì, agus cuirhad 'na ly er a haigini conas mar atá t'onóir ag imeàcht ad' ghelt ansò le méd do ghrá ghi. Ansùn gouimshi oram go vayd freagara breá grávar uchi le túirt ansò chút chun deri chur lesh an airhí agus lesh a bionós. Shín chúm an letir a ghuin'uasil."

"Shea, ach cad èr go shgrífiad an letir. Níl än fáipiàr aguing," ersa Don Cíchóté.

"Agus, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ná dearúid na hasil úd do chur sa letir. Tá an Balách agùm ach b'édir go miàr-hach bihúnach égin eli lesh é agus nár vuar dom na hasil úd a gheaul t'onóir dom a veh agùm nuer a vèach shé imihi."

"Ná bíoch agal ort, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Ní diànfar än dearúd. Ach conas a shgrífar letir gan páipiàr. B'édir go mèach shé chô mah agùm an letir do shgrí er vileóguiv craun. Ghíneach roduirí fáin é go minic nuer ná bíoch än tays eli córach acù. Ach fiàch. B'édir nár v'eara ghom rod a ghiànhing ná an letir do shgrí er vileóig dén leour póca so le Cardénió atá agùm! Shin é díreach a ghiànhad. Ansùn, chô luah agus do hroshirshi an tráidvaili is giora ghúing fiatuir é gh'áil shgríti amàch er fáipiàr ó váishdir sgoili égin nú ó chléreach égin."

"Ach conas a veg t'ainim fén hys lesh an letir aguing ansùn, a ghuin'uasil?" ersa Santsho.

"Ní chuireach Amadis de Gaul a ainim chuihi le hän letir dá shgríoch shé," ersa Don Cíchóté.

*(Ní críoch).*

## XLIX.

"Dar láiv m'ahar, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ach shin é an rod is breáha a gh'airísa ryav! Ó nách áluing a chuirish an chayint a nie chéli! agus nách gleóiti mar a chuir t'onóir hys lesh an letir, 'An Roduiri Gruama.' Go dein, a ghuin'uasil, níl än teóra leat. Is tú an dial ad' veahig chun letiri do chur le chéli! Níl än teora le na vuil d'eólas ig at' onóir!"

"Ní fláir do roduiri fáin ólas a veh igè er gahärod, a ghiula," ersa Don Cíchóté.

"Tá go mah, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ach cuir an t-órdú a däv na n-asal úd er a däv eli den leahanach inish, agus shgríg go silér é a dreó go duicig gahéngi é."

"Diànhad go dein," ersa Don Cíchóté agus do shgríg she an t-órdú.

"Shea! Cuirhad an ialuit er Rosinante mish," ersa Santsho, "agus ansùn sho chun bóhir mi."

"Sdad go fóil, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Ní muar ghom mo chuid iàduig a vuint díom sar a n-imír a dreó go meg le hínshint agùt go veacuig do ghá húil mi gan luíd umùm."

"Ó, le hanaman t'ahar, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ná din é shin! Ná leog dom tu ishgint gan luíd umùt! Do vrishach mo chry le trua ghoit dá vicing er a guma sun tu! Veng a shili deór agus b'édir a gol go hárd. Ní iatuing a lihéd de rayrc a gh'ulag ineáchor, a ghuin'uasil. Má tá än chleasycht vuili agùt le diànav din é gan do chuid iàduig a vuint díot agus diànha shé an gnó. Ach go dein níl än ghá lesh. Ní ghiànha shé ach ruíneas do chur oram, agus dá luahacht a gh'imeód isheà is túishgi iatad teacht. Agus go dein fén mara vaydsa freagara fónta ón ryguin Dulsinéa díolha shí as! Geód de chiceanuiv agus de ghóirniv erhi, an shdiúsy! Is muar an náiri ghi é, agus an aihish, a reá go mèach roduiri uasal mar t'onóirshi ig imeàcht er buili mar gheaul erhi! an——! Diàrhad amàch é, lán mo vél dè, má chuirean shí chuigi mi! Derim le fiàchuint chúihi fén agus gan mi chur a cayint! Tá an chayint shin mah go leór agùm! Níl aihini cheart ici oram! Dá mèach do vemísh er än aigini."

"Dar fie, a Hantsho," ersa Don Cíchóté, "ach is dó lium nách mishi atá er buili ach gur tusa atá as do veauir!"

"Nílim as mo veauir, a ghuin'uasil, ach tá fearag oram agus ní húna ghom é. Ach fiàch, a ghuin'uasil; shgiàl hairish shin. Cad a veg le n-ihi ig at'onóir go dagad har naish? An âuluig a ve tú a shgiuba bíg ós na hériv er nós Chardénió?"

"Ná bíoch än chesht ort mar gheaul er shin, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Dá mèach mórán bíg agùm ní íssing än vlúiri ghè. Chun na hebiri sho ghiànav sa cheart ní chahad d'ihi ach na glasary agus torhy na graun atá, mar a chíon tú, umadùil ansò."

"Ach rod eli, a ghuin'uasil," ersa Santsho. "B'édir ná fiatuing ólas d'áil ishdeàch chun na háiti sho irísh nuer a ve me a teacht har naish. Dá déng amú an uer shin vèach an shgiàl go holc aguìng."

"Neóssadsa ghoit cad a ghiànhir," ersa Don Cíchóté. "Chíon tú an giolcach sun atá a fás ins gahäval a n-ár dímpal. Buin rayint de shin agus bí ghá chahav uet er a dalav ig imeàcht doit, go muar muar ins na cúingív agus ins na crosirív a chuirhir díot. Ansùn tisbeánhid na giàga giolcuig shin an tí cheart doit nuer a ver a teacht har naish. Shin mar a fuer Teseús ólas tríd an ayirég."

Ghin Santsho an ní shin. Vaili shé chuigi punan vuar den ghiolcach agus chuc shé er muin Rosinante. Ví shé díreach a gluashacht agus é fén agus a váishdir a shili go fych nuer a louir an máishdir.

"Sdad neómat, a ghiula," ersan máishdir, "go vicir än vouta veog avàin den vuili atá oram."

Do chah an roduiri ghè a chuid iàduig agus do rih shé anún 's anaul. Do heasiv shé er vulàch a chíng. Ansùn do ghluesh shé mar a ghluashóch roh, a ghá choish agus a ghá láiv shínti amàch agus iad a teacht er talav a nie chéli agus a chouil mar a vèach mol a roha, agus gahän liú iàin chyhach a teacht às mar a hucach as än duini buili. Níor iad Santsho fanúint avàd a fiàchuint er. D'iúmpa shé ueg agus hug shé a vóhar er.

Chô luah agus ví Santsho imìhi as a rayrc agus nár v'édir dò an ghleacycht a gh'ishgint do sdad an roduiri den foclémireach agus des na geáirtshív buili. D'imi shé suas agus hig shé er vulàch na caruigi. Ví an uen breá brohalach agus níor voha shé easba na malcuishi. D'an shé 'na hí er a garuig er feag avàd agus é a machnav. Ví cesht vuar ghoying as cóir a aigini igè. B'í cesht í ná ceocu er Orlando na buili nú er Amadís na gruemi a ghiànhach shé aihirish an aid a vèach an vuili er. Fé gheri do hocara shé er Amadís. Nuer a ví an socarú sun diànta igè háini shé anuas den charuig agus chroum shé er veh a shúl anún 's anaul imeàsc na graun agus imeàsc na garuigireach agus é a cuma filíochda, a mola Ghulsinéa go hárd er dúsh agus ansún a cur a' vileáin erhi gur v'í fé neár é veh as a veauir. Nuer a víoch dán filíochda cúmha igè do shgríoch shé an dán er häv cruíng, nú er a vód fé n-a chosiv, nú er a ngainiv liuch ig imeal an truháin. Nuer a hagach ocaras er d'ihach shé cuid de horhiv na graun agus cuid des na glasaruív a ví a fás ig á mun. Shin mar a chah shé an ayimshir an aid a ví Santsho er a chuerd.

Do lean Santsho a cahav na ngiàgan giolcuig ueg er a dalav, go muar muar nuer a hagach shé go dí casa nú go dí crosiri sa vóirhín, go dí go dáini shé amàch er a móhar muar. Chô luah agus ví shé er a móhar muar hug shé ayig er Hobósó. Do vrosda shé er ayig agus go luah amáireach a ví chuigi, háini shé a rayrc a tí ósda, an tig ósda ciàna mar ar cahag anáirdi é er a blaingciàd! Ví tart agus ocaras èr ach má ví fén ní iatach shé dol ishdeàch sa tig ósda sun. Chuir an t-ocaras iàchuint er, âfach, teacht a gônggar a tí. Ansùn do sdad shé, a cur 's a cúiteav fiàchuint a raych shé ishdeàch nú ná raych. An aid a ví shé 'na sdad do vuel bert chuigi amàch as a dig ósda. Chô luah agus chnucadar é d'ainhíodar é.

"Fiàch iriú, a chlérig," ersa duini acù, "nách é shúd Santsho Pansa ansúd er muin a chapuil úd. Is cuín leat go nuert an vean-tí go roiv shé imìhi a n-éneacht le Don Cíchóté chun veh 'na ghiula igè."

*(Ní críoch).*

## L.

"Am briahar gur b'é go díreach," ersan cléreach, "agus fiàch shin é capal an duin'uasil fén!"

Níor v'iúna iad á ahint chó mah. An vert chiàna ùd a ghóig na leouir valuihi úd ish iad a ví aun, an cléreach agus an bearabóir. Hánadar a n-achmuireacht dò.

"Iriú, a Hantsho Pansa," ersan cléreach, "an tu sun?"

"Is mi go díreach, a ghuin'uasil," ersa Santsho.

"Agus cár águish do váishdir, a Hantsho?" ersan cléreach.

"Tá gnó muar égin er shúl igè sa n-áit 'nar ágas é," ersa Santsho, "agus d'órda shé ghom gan a gh'ínshint d'éngi cá roiv shé. Dá n-ínshing é do varóch shé mi."

"Ber an shgiàl sun á n-áit égin eli leat, a Hantsho," ersan bearabóir. "Shgiàl gan dah isheà é. Is âuluig a varysh an duin'uasal agus do reobáluish é! Shin é a chapal agùt á varcycht! Inish an íringi nú cahimid tu húirt suas don dlí. Cá vuil do váishdir, a Hantsho?"

"Níor ghineasa marú ná robáil ryav," ersa Santsho. "Tá an duin'uasal amùh ansúd imeàsc na gnuc úd haul, á diànav aithí égin ader shé atá igè le diànav mar gheaul er Ghulsinéa del Tobósó, iníon Lorenso Corchuelo, go vuil shé as a veauir le grá ghi. Tá letir ansò agùm le breh a trial erhi agus hug shé a chapal dom a dreó ná beng avàd er a móhar. Shin é an shgiàl go lér aguiv, agus má gheimshi mileán ueg mar gheaul er é gh'ínshint dív cuirhad an míleán er vert aguivshi mar do chuiriúir iàchuint oram é gh'ínshint."

Ví úna agus aultacht er a mert nuer airíodar an shgiàl sun. Ví's acù an duin'uasal bocht a veh as a veauir ach mar shin fén ní roiv än chuingi acù lesh an shgiàl a gh'inish an giula ghóiv.

"Tisbeáin an letir dúing, a Hantsho," er shiad.

"Tá shí shgríti ansò agùm a leour póca a ví ig an nuin'uasal. Do shgríg shé sa leour póca í ach duert shé lium í gh'áil shgríti amàch nís gluini agus nís siléri, ó chléreach vah égin, sar a dúrhing don ríoguin uasil í."

"Túir dôsa í," ersan cléreach, "agus shgríhad amàch í go breá glan silér a dreó go viatuig éngi í lé gan triublóid."

Chuir Santsho a láv 'na fóca. Do leah a viàl er. Chuir shé láv a bóca eli. Do ghún a viàl agus do leah a ghá húil. Chuarda shé a roiv de fócuív er. Do ghúig agus do ghoramuig igè. Do chroum shé er a chuid fiàsoígi do sdaha agus er é fén do vuala sa viàl agus ins na cluesiv.

"Caidé shin ort iriú!" ersan bearabóir.

"Caidé shin oram!" ersa Santsho. "Tá mo ghá ghóhin oram. Trí cíng d'asaluiv breáha óga a ví le fáil agùm agus shin iad imìhi iad!"

"Shin chúm an letir agus ná bac na hasil," ersan cléreach.

"Shin chút an letir! Is breá bog a hagan cayint chút! Conas iatuing letir ná fuil agùm do híni chút! Veasas go roiv shí agùm, ach ví a lihéd shin de cheafryl agus de foclémireach er shúl igè nuer a vís a teacht ueg nár chuíni shé er an letir a húirt dom agus nár chuínís fén er í gh'iaruig er, agus shin iad na hasil imìhi, agus gur veasas ná roiv agùm ach dol agus an letir a hisbeáint d'Antónia. Táim ereachda! táim creachda amùh 's amàch! Ach do lég shé an letir dom agus is dó lium go vuil shí do ghlan veouir agùm. Ach ní iatuing na hasil áil er shin. Ní vèach shé do raer dlí."

"Abuir an chayint a lég shé as an letir doit, a Hantsho," ersan cléreach, "agus shgríhadsa shys an chayint agus b'édir go niánhach sun an gnó."

"B'édir é," ersa Santsho, "gura mah agùt! Fan go fóil inish." Chroum shé er vachnav. "'A Ríogan, tá mo chry—tá mo chry brishdi agùt,'" er shishan. Do sdad shé agus a láv huas igè a sgrou a chíng. "Fiàch inish," er shishan, "duart lesh gan veh a brah oramsa chun cuíni chimeád er an letir shin agus ní ghiànhach shé rod oram! Duert shé rod égin mar gheaul er ghalar dóch agus mar gheaul er ghrá iàgvuishi"—ansùn do sdad shé irísh agus é a sgrou a chíng. "Duert shé sa deri go roiv shé chun bás d'áil agus go leishach sun iad arän. Duert shé sa deri gur v'é fén an Roduiri Gruama, agus ansùn chuir shé shys órdú na n-asal."

"Níl do chuíni chô holc ineáchor agus is dó leat. Huguish an med shin leat go hana-vah. Din iaracht eli. Túir fé'n letir, irish," ersan cléreach.

Do hug, agus má hug do chuir shé ishdeàch sa letir fihi rod ciàd rod, nár chuínig Don Cíchóté ryav er éngí ghá hórd. D'inish shé ghóiv conas mar a ví ceapuihi ig Don Cíchóté, dá vaych shé freagara fónta er an letir, imeàcht er fued a dôuin a diànav iàcht go dí go mèach shé a n'ímpiri nú a n'árdry. "Agus ansùn," er shishan, "diànha shé ry ghíomsa er ileán égin. Tá an t-uileán geaulta igè ghom. Níl än tep ná go me shé a n'ímpiri, nú a n'árdry an chuid is lú ghè Duin'uasal ana-chróga isheà é. Ní sdänhach shé ó än tays nâud dá muelhach imi. Agus ní iatach än tays nâud än lávua-chduir áil er."

Víodar ig éshdeacht lesh agus do higeadar 'na n-aigini go roiv Don Cíchóté er buili, agus gur vuili ana-hógälach a ví er mar go roiv Santsho bocht tar ésh an ghaluir do hóguint ueg!

"Tar ling ishdeàch ansò, a Hantsho," er shiad, "go n-ihir rod égin agus go n-óluir brän fíona. Tá gá agùt lesh, a ir voicht, tar ésh a vuil de chruatan agus d'äuro curha ghíot agùt ó imísh a n-éneacht lesh a nuin'uasal. Tiànam ort ishdeàch," ersan cléreach.

Chuínig Santsho er a blaingciàd. Níor v'än vah ghóiv veh a d'iaruig é vreh ishdeàch.

"Táim ana-väch dív," er shishan, "ach b'eár lium fanûint ansò. Fiata shiv rayint égin bíg agus dí do chur chúm amàch agus cahad ansò iad."

D'imig an vert ishdeàch.

"...iàch, a vean a tí," ersan cléreach le bean a tí, "tá fear ansúd amùh agus Santsho Pansa is ainim dò agus d'iaramuir èr teacht ansò ishdeàch a n-éneacht ling agus a ghíngéar do chahav 'nár guírean. Do hep oruing é húirt ishdeàch ach duert shé ling an bie do chur chuigi amàch agus go gahach shé é. Tá shé chô mah agùt rod égin le n-ihi do chur amàch chuigi."

(*Ní críoch*).

## LI.

"Tá aihini agùm er go dein," ersa bean a tí. "Ví shé fén agus an shgíolúnach duin'uasil atá mar váishdir igè, víodar ansò an lá fé gheri agus nuer a víodar ig imeàcht ní ghíolhach an duin' uasal as a lóishdín ná as a mie a ví fálta acù. Ní lú ná mar a ghíolhach an giula. Duert shé, an rod nár cheart dá váishdir a ghiànav nár cheart dò fén é ghiànav. Do hárla go roiv ceaharar fear ansò an uer chiàna agus nuer a chnucadar an iàgóir ig an mert á ghiànav do riugadar er a ngiula agus chuireadar er flaingciàd é agus víodar á chahav anáirdi er a blaingciàd go dí ná fedir shé ceocu lastuas dè nú lashtís dè a ví sbér ná talav! Tá náiri er inìsh, nú b'édir gur agala atá er."

"Túir dôsa an bie," ersan bearabóir, "agus biàrhad chuigi amàch é." Do riug. Ansùn d'ínshadar do vuíntir an tí conas mar a ví an duin'uasal bocht, Don Cíchóté, amùh imeasc na gnuc agus é as a veauir agus go roudar a cur agus a cúiteav fiàchuint a viatuidish än teft a ghiànav er é veala leó ishdeàch a vaili chun go gurfí cóir égin leishdi er.

"Táimid á chuíneav," ersan cléreach, "go m'édir go viatuimísh an teft do ghiànav er a guma so. Roduiri fáin isheà é, dar lesh. Ach tá ceanguilti er roduiri fáin, má glaetear er chun díoltuish a ghiànav er hyránach a ghin iàgóir er vny uasil, dol láirhach agus an tioránach do hroid. Cuirhig duini aguìngn a iàdach mná imi agus beg an duini eli aguìng 'na herivshach ig an mny, mar gh'ea. Ansùn rayimíd ishdeàch imeàsc na gnuc, mishi agus mo váishdreás mar gh'ea, agus diànhig mo váishdreás greán crueg er an díoránach agus cuirhi shí de gheasiv er an roduiri uasal fáin teacht lé agus díoltas do ghiànav er an díoránach a ghin an iàgóir erhi. Má hagan shé ling amàch as an uegineas b'édir go diucach ling é chur er láiv hávála sa vaili 'na hig fén nú a n-áit égin 'na meg er chumas duini airi húirt dò agus cóir do chur er."

Do haingh an socarú sun go hana-vah le mny an tí agus de fear a tí. D'ayimshig bean a tí cluih iàduig lé fén agus chuir shí er a mearabóir an chluih. Ní roiv shé ró-vuar agus ví shé cúmha córach go mah, a dreó nuer a ví an t-iàdach imi go roiv shé 'na chailín óg uasal, ana-gheas, ana-hruipeallach, ach an iàsóg a veh er. Níor gheacuir an méd shin dò leis. Ní iatach bean óg uasal gváil amàch tríd a núhig gan a hayig a veh clúduihi ici. Níor v'ada an vuil er vean a tí an clúdach do hláhar agus do chur suas go cruíng agus go slachdvar. Nuer a ví an méd shin diànta ví an cléreach agus an chuid eli dá roiv láirhach a dol ins na trihív a gáirí ví an óigvean uasal chô greanta sun! "Ó," er shiad, "nár vuar an trua bearabóir a ghiànav ryav di!"

D'ínshadar do Hantsho an obuir er a roiv socuir acù, agus chuireadar 'na ly er gur ghóhíde ghò na hasil óga a veh le fáil igè dá viaduidísh Don Cíchóté húirt a vaili leó chun a hí fén. Do hig shé go roiv an ceart ansùn acù agus ví fún er courú leó chó fada agus do reych a ghíhal. Do ghluashadar fé ghén a chnuic agus Santsho a tisbeáint na shlí ghóiv, agus an óigvean uasal er muin a miúili, 'na sy a leatuív, mar ba cheart do vny uasil a veh. Hánadar chun na háiti 'na roiv orha úmpáil ishdeàch imeàsc na gnuc. Ví an giolcach ansùd caiti er a dalav, mar chórha, sa n-áit 'nar chah Santsho as a láiv é. Chomáineadar leó ishdeàch.

"Sdaduig go fóil," ersa Santsho nuer a víodar tar ésh dol tamal ishdeàch. Do sdadadar.

"Is feara ghôsa dol rôiv chun na háiti 'na vuil an duin' uasal," er shishan, "agus freagara Ghulsinéa húirt dò. B'édir gur ghóhíde é hacht ling nuer a vèach an freagara fálta igè."

"Tá an ceart ig Santsho," ersan vean uasal.

"Is fíor, a ríogan ró-uasal," ersan cléreach.

Do sdadadar er an áit shin agus d'imig Santsho. Ní roiv, mar is ól, än reagara igè ó Ghulsinéa, ach níor chuir sun än choravuesh er. D'iatach shé an freagara do cheapa.

# DON CÍCHÓTÉ.

## AN TAHIR PEADUIR Ó LAERI, CANÓNACH, D'AISHDIRIG

(Irish Book Company Copyright).

### LH.

Ví an ayimshir go breá bog brohalach. A mí Lúnasa ab ea é. Ví sruhán uishgi a ruih fan an chosáin agus ví bínshi deas fér ghluish er vruach an truháin, agus ví caruig árd a n-aici an vínshi. Do híneadar er a mínshi er sgáh na caruigi. Ví tor breá muar glasary anáirdi er vulàch na caruigi agus chimeád sun neart na gréní uaha. Ví an áit er áileacht chun rayint suenish do ghiànav tar ésh an aishdir a ví curha ghíov acù. Ní fada a víodar shínti nuer a víodar 'na gola go sâv agus iad a freaguirt a chéli a srauntarnuig go ceólvar.

Fáguimísh ansùn go ceaun tamuil iad a fihav le Santsho agus lesh a roduiri uasal fáin. Nuer a veg an tamal beog caiti leanhimíd Santsho, le cûnav Dé.